

LÁ FHÉILE FHEICHÍN 14

EANAIR.

Teach Nua.

Nuair a bhíodh teach nua dhá thógáil ag daoine fadó ní thógfaidís tada de na ballaí go dtógaidís cheire cinn de leachtaí, leacht do chaon choirnéal den teach agus go bhfeicidís an leagfaidhe aon cheann aca san oidhche dá mbeadh an áit le bheith ádhamhail. Ní bheadh aon leacht leaghtha. Dá mbeadh an áit mí-ádhamhail bheadh na leachtaí leaghtha nó cuid acab agus ní thógfaidhe an teach ar an áit sin.

17

Dá mbeadh an áit chóireamhail ba mhaith le daoine éadan an tighe a bheith ar aghaidh na gréine.

Ní rabhadar sásta teach a dhéanamh treasna ar chasán dá bhféadaidís é.

Ba láidre é ná Dia an fear a chuirfeadh fad siar as a theach.

I dteach atá déanta soir is siar is iondamhail gur sa gceann thoir den teach a bhíos an seomra ar chúla an t-simléara.

Gabhail Éadain

Teach a mbíonn gabhail éadain ann, ní bhíonn binn ar bith air. Na cheithre bhallaí ar aon airde, fána ar chaon ceann den teach, suas go dtí an maide mullaigh. Ní rabh an maide mullaigh chomh fada leis an teach agus bhíodh dhá rata, an gabhail éadain, a teacht ón dá choirnéal go dtí ceann an mhaide mhullaigh. Bhíodh simléar nó poll deataigh ag ceann eile an mhaide mhullaigh. Sgrathacha ós cionn a chéile ar an mballa binne agus iad a teacht isteach do réir a chéile os cionn a' teinteáin suas go dtí ceann an mhaide mhullaigh agus poll cruinn déanta, de na sgrathacha ar bharr an tighe ag ceann an mhaide mhullaigh.

Sa gceann eile den teach níl sgrathacha ar bith, ach slata nó maide chomh fada is go sroichfidís an rataí ar chaon taobh agus sgraith tanaidhe ós cionn na slata agus tuighe ós a chionn. Sin é an ghabhail éadain.

Is minic a rinneadh teach i dteanta aille agus an teine i dteannta na haille, sa gceann eile a bhíodh an ghabhail eadain.

Tá tighthe a bhfuil gabhail éadain ionnta in lorrus Mhór agus in Inbhear.

Glafar

Chuir an cú glafar aiste nuair buailadh í.

Cú sidhe

Máire na gCroc – ar na cruic – barr na n-Uarán

Caitlín na Nead a mháthair

(Caitríona)

Corr theach a mbíodh comhla sa tsean-aimsir, ach ciseán nó cliabh leagtha sa dorus.

Bhíodh sgálán fraoigh sáitthe sa dorus, leis an ngaoith a stopadh.

Cloch a phréacháin ar an gcloich uachtair ar bharr na binne.

Crannghaoil

Simléar crann ghaoil tugtar ar an simléar a déanantar le slata agus dóib buidhe ós cionn an mhatail.

Luighe taobh amuich at bharr an tsimleara.

Níor mhaith le daoine teach nua a thosú Lá na Leanbh ná Lá Chrosta na Bliana (an lá céadna) cheithre lá tar éis Lá Nodlag.